teg teastaseorpach na gaeilge

# Cúlra & Áit Chónaithe: Scríobh (Dúchas)

*TEG B1: Aonad 1*

## A: FEASACHT TEANGA 1

Céard í an difríocht idir an dá réamhfhocal ‘i’ agus ‘in’?

### 1. An Aidiacht Shealbhach.

| Líon na bearnaí thíos |
|---|
| Tá mé i mo chónaí |
| Tá tú |
| Tá sé |
| Tá sí |
| Tá muid |
| Tá sibh |
| Tá siad |



### 2. An t-urú.

| Cuir an t-urú ceart ar na focail seo a leanas | |
|---|---|
| i + Baile Átha Cliath | i mBaile Átha Cliath |
| i + Cill Dara | |
| i + Doire | |
| i + Tiobraid Árann | |
| i + Gaillimh | |
| i + Port Láirge | |
| i + Fear Manach | |
| i + Inis | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# TEG B1 Aonad 1: Cúlra agus áit chónaithe (Scríobh)

## 3. Abairtí le haistriú.

| Aistrigh na habairtí thíos agus ina dhiaidh sin, déan plé ar d'aistriúchán leis an duine atá in aice leat: |
|---|
| **a)** Are you living in Celbridge? No, I'm living in Maynooth. |
| |
| **b)** Are you living in Dublin now? Yes, but I was living in Donegal before this. |
| |
| **c)** Are you (pl) living in Galway? No, we are living in Mayo. |
| |
| **d)** They are living in County Meath. |
| |
| **e)** Is he still living in Carlow? No, he's living in Waterford now. |
| |
| **f)** Is Muireann living in Leixlip? No, I think she lives in Clane. |
| |
| **g)** Are you living at home this year? No, I'm living in a house in Blanchardstown. |
| |
| **h)** Does Seán live in Kildare? Yes, he lives in Naas. |
| |

Mura bhfuil a fhios agat cén Ghaeilge atá ar na logainmneacha sa cheacht seo, téigh go dtí www.logainm.ie chun treoir a fháil.
Cá bhfuil túsa i do chónaí?

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# B: SCRÍOBH

**1. Tá tú ag comhdháil. Seo thíos an comhrá a bhíonn agat le duine eile ag an sos caife. Cuir Gaeilge air seo, i scríbhinn ar dtús agus ansin de bhéal.**

| | |
|---|---|
| **A.** | Hello. How are you? |
| **B.** | Hi. I'm fine thanks. How are <u>you?</u> |
| **A.** | I'm OK. What's your name? |
| **B.** | Liam/Laoise. What's <u>your</u> name? |
| **A.** | Seán/Síle. Nice to meet you. Where are you from? |
| **B.** | I'm originally from Galway but I'm living in Ennis now. Where are <u>you</u> from? |
| **A.** | I'm originally from Celbridge but I live in Kilcock now. |
| **B.** | Do you like Kilcock? |
| **A.** | I love it. Do <u>you</u> like Ennis? |
| **B.** | Yes. I'm very happy there. |

2. Tá grúpa daltaí scoile ó Chonamara ag teacht go dtí do cheantar le deireadh seachtaine a chaitheamh ann. Scríobh idir 80-100 focal ag cur síos ar na háiseanna agus na rudaí atá le déanamh ansin do dhaoine óga.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

Conas a fhoghlaimíonn tú féin focail úra? An mbaineann tú úsáid as www.teanglann.ie?

# C: FEASACHT TEANGA 2

1. An bhfuil tú in ann na rudaí seo a rá i nGaeilge anois?

- I'm from Ireland.
- I'm Irish.

**Féach ar na samplaí seo:**

- Cad as duit, a Phóil?
- *Is as an Ísiltír mé. Cad as **duitse**?*
- Is as an Iodáil mé.

- An as an Danmhairg thú, a Jan? **Is ea/Ní hea**
- An Sualannach thú? **Is ea/Ní hea**

2. Anois, déanaigí cleachtadh ar na struchtúir seo a leanas. Cuirigí na ceisteanna seo ar a chéile agus déanaigí cinnte go bhfuil na freagraí cearta á dtabhairt agaibh dá chéile.

| Cuir Gaeilge ar na habairtí seo. | |
|---|---|
| a) Are you from England?<br>Yes. | |
| b) Are you English (an English person)?<br>No, I'm Scottish. | |
| c) Is Máire from Dublin?<br>No, she's from Kildare. | |
| d) I'm from Limerick but I live in Kerry. | |
| e) Is Jean from Poland?<br>I don't think so. He's from Ukraine, I think. | |
| f) Where are you from?<br>I'm Canadian. | |
| g) Where is Marie from?<br>She's French. | |
| h) Is Marie Italian?<br>No, she's Spanish. | |
| i) Is Seán from Cork?<br>No, he's from Waterford. | |
| j) Is Clíona from Roscommon?<br>No, she's from Leitrim. | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# D: SCRÍOBH 2

Seo foirm de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte atá ar fáil ar líne. Líon isteach do chuid sonraí pearsanta.

6 Cárta Leighis agus Cárta Cuairte Dochtúra DT **Foirm MC1**

**Maidir leis na Codanna 2, 3, 4, 5, 6 agus 7 a bhaineann leat, bain úsáid as CEANNLITREACHA le do thoil agus cuir tic (✓) sna boscaí cuí.**

D'ÚSÁID OIFIGIÚIL AMHÁIN
Uimh. an Iarratais:
Dáta a Fuarthas:

## Cuid 2 – Sonraí pearsanta

Céad Ainm: | Sloinne:
Uimhir PSP: (Uimhir phearsanta na Seirbhíse Poiblí) | Sloinne breithe: (más difriúil)
Dáta breithe: D D M M Y Y Y Y | Inscne: Fireann ☐ Baineann ☐

Seoladh:
Fón Póca: –
(D'fhéadfaí go seolfaí téacs chugat maidir le d'iarratas má chuirtear uimhir ar fáil)
Fón Lae:
Éirchód:
Seoladh r-phoist:
Náisiúntacht:

Cé chomh fada atá cónaí ort in Éirinn?
An bhfuil gnáthchónaí ort i bPoblacht na hÉireann? Tá ☐ Níl ☐ (Ciallaíonn sé seo og bhfuil cónaí ort anseo nó go bhfuil sé ar intinn agat cónaí anseo ar feadh bliana ar a laghad.)
An bhfuil tú i do chónaí i d'aonar? Tá ☐ Níl ☐ Mura bhfuil, cé leis a bhfuil cónaí ort?

An bhfuil tú:
Singil ☐ Pósta ☐ Comhchónaí ☐ Comhchónaí i bPáirtnéireacht Shibhialta ☐ I do bhaintreach ☐ Scartha ☐ Colscartha ☐
An bhfuil nó an raibh Cárta Leighis nó Cárta Cuairte Dochtúra agat/ag do chéile/ páirtnéir riamh? 'Tá', cuir tic leis an gcineál cárta agus scríobh síos an uimhir: Tá ☐ Níl ☐
**Iarrthóir:** Cárta Leighis ☐ Cárta Cuairte DT ☐ Uimhir
**Céile:** Cárta Leighis ☐ Cárta Cuairte DT ☐ Uimhir

An raibh tú ábalta buille faoi thuairim a thabhairt má bhí focail nach raibh ar eolas agat?
An úsáideann tú féin an leagan Gaeilge de na foirmeacha agus tú ag plé leis na seirbhísí poiblí?

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# FREAGRAÍ

## A: FEASACHT TEANGA 1

### 1. An Aidiacht Shealbhach.

- Tá mé i mo chónaí
- Tá tú i do chónaí
- Tá sé ina chónaí
- Tá sí ina cónaí
- Tá muid inár gcónaí
- Tá sibh in bhur gcónaí
- Tá siad ina gcónaí

> Céard í an difríocht idir an dá réamhfhocal 'i' agus 'in'?

> Úsáidtear 'i' má thosaíonn an logainm le consan. Úsáidtear 'in' má thosaíonn an logainm le guta (nó más logainm Béarla é).

### 2. An t-urú

- I mBaile Átha Cliath
- I gCill Dara
- I nDoire
- I dTiobraid Árann
- I nGaillimh
- I bPort Láirge
- I bhFear Manach
- In Inis

### 3. Abairtí le haistriú

a) An bhfuil tú i do chónaí i gCill Droichid? Níl, tá mé i mo chónaí i Maigh Nuad.
b) An bhfuil tú i do chónaí i mBaile Átha Cliath anois? Tá, ach bhí mé i mo chónaí i dTír Chonaill roimhe seo.
c) An bhfuil sibh in bhur gcónaí i nGaillimh? Níl, táimid inár gcónaí i Maigh Eo.
d) Tá siad ina gcónaí i gContae na Mí.
e) An bhfuil sé fós ina chónaí i gCeatharlach? Níl, tá sé ina chónaí i bPort Láirge anois.
f) An bhfuil Muireann ina cónaí i Léim an Bhradáin? Níl, sílim go bhfuil cónaí uirthi i gClaonadh.
g) An bhfuil tú i do chónaí sa bhaile i mbliana? Níl, tá mé i mo chónaí i dteach i mBaile Bhlainséir.
h) An bhfuil Seán ina chónaí i gCill Dara? Tá, tá sé ina chónaí i Nás na Ríogh.

## B: SCRÍOBH

### 1. Aistrigh an comhrá go Gaeilge

A. Dia duit. Conas atá tú?
B. Dia is Muire duit. Tá mé go maith, go raibh maith agat. Conas atá tú féin?
A. Tá mé ceart go leor. Cad is ainm duit?
B. Liam/Laoise. Cad is ainm duitse?
A. Seán/Síle. Is deas bualadh leat. Cad as duit?
B. Is as Gaillimh ó dhúchas mé ach tá mé i mo chónaí in Inis anois. Cad as duit féin?
A. Is as Cill Droichid ó dhúchas mé ach tá mé i mo chónaí i gCill Choca anois.
B. An maith leat Cill Choca?
A. Is breá liom é. An maith leatsa Inis?
B. Is maith. Táim an-sásta ann.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# C: FEASACHT TEANGA 2

## 2. Cuir Gaeilge ar na habairtí seo.

a) An as Sasana thú? Is ea.
b) An Sasanach thú? Ní hea, is Albanach mé.
c) An as Baile Átha Cliath (í) Máire? Ní hea, is as Cill Dara í.
d) Is as Luimneach mé ach tá mé i mo chónaí i gCiarraí.
e) An as an bPolainn (í) Jean? Ní dóigh liom é. Is as an Úcráin í, sílim.
f) Cad as duit? Is Ceanadach mé.
g) Cad as do Mháire? Is Francach í.
h) An Iodálach í Marie? Ní hea, is Spáinneach í.
i) An as Corcaigh do Sheán? Ní hea, is as Port Láirge dó/é.
j) An as Ros Comáin do Chlíona? Ní hea, is as Liatroim di/í.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad